

INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

SCRÚDÚ ATRIALACH FAOI THEASTAIS GHAELGE, FÓMHAR, 2023

SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAELGE

PÁIPÉAR II – 100 MARC (80 MARC ANSEO AGUS 20 MARC DO ‘TEANGA AGUS CULTÚR’)

Uair agus leathuair an chloig don pháipéar seo (10.00-11.30). Dhá cheist a fhreagairt, ceist amháin as gach Roinn.

ROINN A

PRÓS

Freagair Ceist 1 nó Ceist 2

1. “Tugtar réamhrá breá ar fhabhalscéalta La Fontaine san aiste, ‘La Fontaine,’ le Breandán Ó Doibhlin.”
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don aiste mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

2. “Is ráiteas é ‘Iníon Rí na Cathrach Deirge,’ le Angela Bourke, ar an easpa saoirse a bhíonn ag mná sa phósadh.”
Déan an tuairim sin a phlé agus tagair don scéal mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

ROINN B

FILÍOCHT

Freagair Ceist 3 nó Ceist 4

3. “Sa dán, ‘Ceol an Bhainne,’ le Bríd Dáibhís, léirítear meas mór ar an obair láimhe.”
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don dán mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

CEOL AN BHAINNE (do Mháire Sheán Shiúnach)

Tá Máire ag bleán sa bhuaile,
Glúin amháin feachta,
A ceann le ceathrú na bó
Tá sí deighilte uainn
Go ceann tamaill.

Airím ceol an bhainne
Agus é ag baint leis an stán;
Ceol ársa a cumadh i bhfad siar.
Tá cogaint na círe
Ag teacht leis an rithim,
Le hardú is ísliú na lámh,
Leis an steall ar chúr an lachta.

Guíonn Bríd Pheadar Mháirtín
Bail ó Dhia ar an obair
Ag dul thar bráid di.
Is cúí an bheannacht í
In ionad 'Haigh!'
Agus bainne na beatha
Á thál orainn.

4. “Tá feabhas an dáin ‘Teilifís,’ le Gabriel Rosenstock, ag brath ar na híomhánna a úsáidtear ann.”

Pléigh an tuairim sin agus luaigh línte ón dán mar thacaíocht le do fhreagra.

(40 marc)

TEILIFÍS

(Faoi m'iníon Saffron)

Ar a cúig a chlog ar maidin
Theastaigh an teilifís uaithi.
An féidir argóint le beainín
Dhá bhliain go leith?
Síos linn le chéile
Níor bhacas fiú le gléasadh
Is bhí an seomra préachta.
Gan solas fós sa spéir
Stánamar le hiontas ar scáileán bán.
Anois! Sásta?
Ach chonaic sise sneachta
Is sioráf tríd an sneachta
Is ulchabhán Artach
Ag faoileáil
Os a chionn.